

A Thaoisigh,
a Phropaist,
a Uachtaráin,
a Chomhaltáí an ‘Phil’,
a Mhic léinn,
a Dhaoine uaisle,

Is mór an onóir dom a bheith anseo os comhair an Chumainn Fealsúnachta Ollscoile i gColáiste na Tríonóide — an cumann mac léinn is sine ar domhan. Cumann a raibh aige mar bhaill rannpháirtithe den scoth i saol na n-ealaíon agus an chultúir, thar thrí chéad agus tríocha seacht mbliana.

Táim an-bhródúil as bheith tofa ag do Chomhairle chun Bonn Óir an Phátrúnachta Oinigh a ghlacadh i mbliana, agus glacaim leis go croíúil thar ceann Pharlaimint na hEorpa — institiúid bhur ngutha. Agus is ábhar dóchais dom an t-aitheantas sin, go bhfuil bhur muinín saothraithe againn de thoradh na ngníomhartha atá déanta againn le bliain anuas.

Déanfaidh mé mo dhícheall chun bhur gcreideamh a chúiteamh.

Go raibh maith agaibh.

Spreagann an bronnadh seo dúinn luachanna Eorpacha na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais agus an cheartais - luachanna atá an-ghar dár gcroí - a bhrú chun cinn arís.

Luachanna ar a bhfuil dearmad déanta againn, go rómhínic b’fhéidir. Luachanna atá faoi bhagairt. Luachanna a bhfuil ar dhaoine san Úcráin troid ar a son.

Táim féin in Éirinn chun 50 bliain de bhallraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach a chomóradh libh.

Dea-scéal an chlaochlaithe agus an ratha is ea scéal 50 bliain na hÉireann san Eoraip. Tá sé ina thairbhe ag cách. Tá tairbhí ollmhóra eacnamaíocha agus sochaíocha ann don Aontas agus d’Éirinn araon mar thoradh ar bhallraíocht san Aontas.

Is ábhar sásaimh é gurb iad na hÉireannaigh iad féin a roghnaigh teacht isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa i 1973. Agus inniu, tacaíonn tromlach mór mhuintir na hÉireann le tionscadal an Aontais. Mar tá an méid seo ar eolas acu: le chéile táimid níos láidre agus le chéile seasaimid níos diongbháilte chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh geopholaitiúil an lae inniu, ar dhúshláin eacnamaíocha an lae inniu agus ar éigeandáil aeráide an lae inniu.

Agus anseo, os bhur gcomhair anois, ba mhaith liom a athdhearbhú gurb í an pholaitíocht atá againn féin an bealach is fearr chun dúshláin ár nglúine a shárú. Is é seo an bealach is fearr chun athrú dearfach a dhéanamh i bpobail agus i sochaithe. Is é seo an t-aon bhealach chun *florathrú* buan a dhéanamh. Is duine an-dearfach go deo mé - b’fhéidir gurb é sin an fáth a mbraithim sa bhaile in Éirinn - ach i rith shó agus anó mo ghairme beatha sa pholaitíocht, tá a fhios agam gur cúis uasal é. Ar an leibhéal is bunúsaí, baineann sé leis an méid is féidir leat a dhéanamh chun saol do chomharsana a dhéanamh beagán níos fearr, beagán níos cothroime, beagán níos córa, beagán níos sábháilte.

Mar sin, iarraim oraibh inniu bhur nguth a aimsiú, bhur gcúis a aimsiú agus troid ar a son sin.

Caithigí vóta. Bíodh creideamh agaibh.

Ceann de na cinntí is fearr a rinne mé i mo shaol ná gairm sa pholaitíocht a roghnú. Is cuimhin liom go raibh ionadh ar mo theaghlach nuair a shocraigh mé mo chuid scrúduithe ollscoile deireadh bliana a chur siar chun seasamh sa toghchán Eorpach in 2004. Ach ansin arís, deireadh mo mháthair liom i gcónaí: “más mian leat rud éigin a athrú, ní briathra a dhearbhóidh ach gníomh”. Sheas mé sa toghchán sin in 2004, agus ansin chuaigh mé ar ais chun mo scrúduithe a dhéanamh i mí Mheán Fómhair. Níor toghadh mé an t-am sin, ach níor ghéill mé riamh.

Tar éis 50 bliain, is Ballstát fadbhunaithe de chuid an Aontais í Éire. Is féidir le tíortha Eorpacha eile foghlaim ó cheannaireacht na hÉireann, óna claochlú ó ghlantairbhí airgeadais go glanrannchuiditheoir buiséid AE agus óna ról mar thionchaire beartais.

Sin áilleacht na polaitíochta. Bhí baint láidir idir an cinneadh a rinne mé dul isteach sa tseirbhís phoiblí 20 bliain ó shin agus an cinneadh a rinne mo thír féin teacht isteach san Aontas Eorpach.

Uaillmhian ghlúine a bhí ina spreagadh aige sin: ‘gur féidir linn an domhan a athrú chun feabhais’; agus freisin ‘nach mór dúinn a bheith páirteach ann’.

Ar ndóigh, bhí a fhios againn ag an am go raibh easnaimh san Aontas Eorpach. Tá go fóill. Tagann fearg orm i gcónaí faoi na rudaí beaga sin nach bhfuil ciall leo. Faoi na rudaí a bhíonn sna ceannlínte seachas an obair iontach a dhéantar gach lá.

Ach chreideamar i bhfís na hEorpa. Go bhféadfaimis an fhís a fhíorú. Bhí creideamh againn ansin agus tá go fóill.

Labhraím le mic léinn i dtíortha éagsúla go minic. Gach áit a dtéim, is mian liom bualadh libh.

Deirim gur cúis fhiúntach í an pholaitíocht. Ní ceann éasca í, áfach. Ní mór craiceann crua a bheith agat, chomh maith le tuiscint láidir ar an gceartas agus neart áidh. Agus ní éasca é a bheith i do bhean sa pholaitíocht.

Táimse i m’Fheisire de Pharlaimint na hEorpa ar feadh 10 mbliana, agus i m’Uachtarán ar feadh bliain amháin. Tá sé crua. Shíleamar go mbeadh téarnamh agus athbheochan eacnamaíoch i ndán dúinn i mbliana. Ina ionad sin, 6 seachtaine tar éis dom dul i mbun oifige mar Uachtarán, bhris cogadh amach san Eoraip. Tagann athrú ar thosaíochtaí.

Níl mé anseo chun a rá libh go bhfuil an pholaitíocht éasca. Tá mé á rá anseo gur fiú í.

Tá mé á rá anseo gur cheart daoibh a bheith páirteach inti. Glacai gí páirt sa pholaitíocht, in bhur bpobail; déanaigí a mhéid is féidir libh agus cloigí le bhur gcuid prionsabal.

Ghoill cogadh mídhleathach na Rúise ar an Úcráin go mór orainn. Trí thír cheannasach, neamhspleách a ionradh, dhiúltaigh an Chreimil dár n-ord domhanda riailbhunaithe. Sin an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin seasamh leis an Úcráin. Ní thréigfidimid an Úcráin cogadh a throid ar son ár gcomhluachanna. Luaigh mé an méid sin leis an Uachtarán Zelenskyy i gCív nuair a thug mé cuairt ar Pharlaimint na hÚcráine cúpla seachtain tar éis an ionraidh.

Nuair a tháinig Éire isteach san Eoraip i 1973, dúirt an Taoiseach ag an am, Jack Lynch: “D’fhéadfaí a áitiú nach dtarlódh an dá chogadh uafásacha san Eoraip ná ar domhan, nach mbeadh an Eoraip deighilte ina dá bhloc”... más rud é, dar leis, go raibh ag na ceannairí a bhí i gceolár na cumhachta ag tús an 20ú haois “an fhís chéanna, an tiomantas céanna don tsíocháin, agus an bhraistint chomhphobail chéanna” mar a bhí ag bunaitheoirí an tionscadail Eorpaigh.

Tá tábhacht le luachanna. Agus an cogadh seo ar siúl ar ár mór-roinn, ní mór dúinn cloí go docht le luachanna an cheartais, an daonlathais agus an chomhionannais. Ní mór dúinn tacú leis an Úcráin ar gach bealach is féidir linn.

Tá an méid a theastaíonn uainn chun todhchaí níos fearr a mhúnlú dúinn féin san Eoraip, nuair a chreidimid gur féidir linn ár bhfód a sheasamh.

Tá rud amháin fós ag déanamh inní dom: go bhfuil mná i bpoist cheannaireachta fós faoi ghannionadaíocht i bhformhór na n-áiteanna, lena n-áirítear i bpolaitíocht na hÉireann.

Le comórthaí ‘Deich mBliana na gCuimhneachán’ a rinneadh le déanaí in Éirinn, tarraingíodh aird ar na cúiseanna atá fós á dtroid ag mná sa 21ú haois, chun comhionannas a bhaint amach i ngach gné de shaol mhná na hÉireann.

Cheana féin, tá saoire náisiúnta uathúil nua ag Éirinn chun ómós a thabhairt d’oibrithe cúraim túslíne agus do mhná: lá Fhéile Bríde, an chéad lá saoire poiblí in Éirinn a ainmníodh i ndiaidh mná. Ceiliúrann sí filladh an tSolais agus an Dóchais.

Agus inné ar an gcéad lá de mhí Feabhra, an chéad lá den Earrach, nochtadh ceithre dhealbh nua de na chéadscoláirí ban i Sean-Leabharlann na hOllscoile.

Ar na bustaí sin tá an t-eolaí Rosalind Franklin, an bunaitheoir amharclainne Augusta Gregory, an matamaiticeoir Ada Lovelace agus an cosantóir ceart ban Mary Wollstonecraft.

Tá cúrsaí ag athrú le himeacht ama toisc go bhfuilimid ag éisteacht le gach guth sa tsochaí agus á n-áireamh sa pholaitíocht.

Toisc go bhfuil creideamh ag daoine. Toisc gur mian le daoine a bheith páirteach. Toisc go bhfuil daoine mar sibhse faoi réir chun an domhan a athrú.

Athraígí an domhan.

Mura ndéanann sibh é, déanfaidh duine eile ar bhur son é.

Go raibh maith agaibh.